An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Rannog Oideachais Muinteoiri,
Cor na Madadh,
Baile Atha Luain,
Co. na hlarmhi.

Department of Education and Skills
Teacher Education Section,
Cornamaddy,
Athlone,
Co Westmeath.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Ciorclán 0002/2011

Do Údaráis Bhunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Teastas Céime in Oideachas Mac Léinn le Neamhoird Speictrim Uathaigh orthu (NSU) le haghaidh múinteoirí ag obair le Mic léinn le NSU orthu i Scoileanna Speisialta, i Ranganna Speisialta nó Mar Mhúinteoirí Acmhainne i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna sa phríomhshruth – 2011/2012

1. An Clár 2011-2012

Sa scoilbhliain **2011-2012** déanfar Teastas Céime in Oideachas Mac Léinn le Neamhord Speictrim Uathaigh orthu a thairiscint i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9. Beidh an Clár ar siúl ó Mheán Fómhair 2011 go dtí go luath i mí an Mheithimh 2012.

Tá foirm iarratais in éineacht leis an gCiorclán seo le comhlánú ag múinteoirí a bhfuil spéis acu ann agus atá i dteideal páirt a ghlacadh sa chlár. Ba chóir na foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar aghaidh chuig **Stiúrthóir an Chúrsa, An Roinn Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9** agus le bheith faighte tráth nach déanaí ná **1 Márta, 2011.**

Tá ocht n-áit déag ar fáil i mbliain an Chláir 2011-2012.

2. Maoiniú

Tá maoiniú an chláir á sholáthar ag Rannóg Oideachais na Múinteoirí den Roinn Oideachais agus Scileanna faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2007 go 2013.

3. Aidhm agus Ábhar

Beidh sé mar aidhm ag an gclár oiliúint theoiriciúil agus phraiticiúil ar scála an-leathan a sholáthar do mhúinteoirí ag obair le Mic léinn a bhfuil neamhoird speictrim uathaigh orthu. Beidh cáilíocht Teastais Céime á bhronnadh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Beidh measúnú á dhéanamh ar rannpháirtithe bunaithe ar thinreamh **iomlán** ar láthair an chláir agus ar rannpháirtíocht iomlán in eilimintí cianfhoghlama an chúrsa, ar chríochnú na dtascanna roghnaithe agus na dtionscnamh scríofa agus ar mhaoirseacht ar a gcuid oibre ar scoil. Beidh sonraí breise ar fáil d'iarrthóirí ó Rannóg Oideachais Speisialta Choláiste Phádraig.

Tá cistiú á dhéanamh ar Oideachas Múinteoirí ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Teacher Education is funded by the Department of Education and Skills under the National Development Plan 2007-2013

4. Faid agus Eagraíocht

Clár bliain amháin, páirtaimseartha atá ann, a ritheann ó Mheán Fómhair 2010 go Meitheamh 2012, ina bhfuil 3 mhodúl. Cuirtear an cúrsa ar fáil trí mhodhanna cianfhoghlama, trí fhoghlaim ar an láthair ag Coláiste Phádraig agus tugtar aird ar rannpháirtíocht phraiticiúil na múinteoirí leis na mic léinn i scoileanna. Tá an clár bunaithe ar rannpháirtithe á scaoileadh óna scoileanna ar feadh trí seachtaine den bhliain acadúil.

Beidh teagasc duine-le-duine, ranganna teagaisc agus cuairteanna chuig suíomhanna oideachais eile chun breathnú ar shamplaí de chleachtas eiseamláireach ar an gclár. Beidh rannpháirtíocht le hábhair ar line agus rannpháirtíocht i léachtaí ar line agus Fóram Díospóireachta mar chuid de chianfhoghlaim an chúrsa.

5. Cáilitheacht

Tabhair faoi deara nach mór do gach múinteoir a bheith cláraithe de réir Alt 31 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. Féach ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Tá an clár seo ar fáil do mhúinteoirí cláraithe a bhfuil post reatha acu atá á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus atá ag obair faoi láthair le mic léinn a bhfuil neamhoird speictrim uathaigh orthu (NSU) nó a bheidh ag obair le mic léinn le NSUanna ar feadh thréimhse an Chláir i mBunscoileanna aitheanta, Scoileanna Speisialta agus Iar-bhunscoileanna aitheanta ina measc. **Tá an clár curtha le chéile go speisialta chun cuidiú le múinteoirí le riachtanais fhoghlama agus teagaisc na mac léinn le NSUanna a chomhlíonadh.** Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh ról teagaisc ó thaobh na mac léinn le NSUanna ag iarrthóirí ionchasacha.

(a) Bunscoileanna:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur ar aghaidh, nó litir dheimhnithe chlárúcháin ón gComhairle Múinteoireachta, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach. Má tá an réimse "Earnáil Oideachais" folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil aitheantas faighte acu ón gComhairle Múinteoireachta ar incháilitheacht do mhúineadh san earnáil bhunoideachais phríomhshrutha nó incháilitheacht do mhic léinn le Riachtanais Speisialta Oideachais a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu, a mhúineadh, san earnáil bhunoideachais.

Ba chóir go mbeadh a dtréimhse phromhaidh curtha i gcrích ag iarrthóirí ó Bhunscoileanna.

(b) Iar-bhunscoileanna

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur ar aghaidh, nó litir dheimhnithe chlárúcháin ón gComhairle Múinteoireachta, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach. Má tá an réimse "Earnáil Oideachais" folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil aitheantas faighte acu ón gComhairle Múinteoireachta ar incháilitheacht do mhúineadh san earnáil iar-bhunoideachais phríomhshrutha nó incháilitheacht do mhic léinn le Riachtanais Speisialta Oideachais a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu, a mhúineadh, san earnáil iar-bhunoideachais.

(c) Scoileanna Speisialta

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin a chur ar aghaidh, nó litir dheimhnithe chlárúcháin ón gComhairle Múinteoireachta, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach. Má tá an réimse "Earnáil Oideachais" folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil aitheantas faighte acu ón gComhairle Múinteoireachta ar incháilitheacht do mhúineadh sna hearnálacha bunoideachais nó iar-bhunoideachais príomhshrutha nó incháilitheacht do mhic léinn le Riachtanais Speisialta Oideachais nó do mhic léinn a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu, a mhúineadh, sna hearnálacha bunoideachais nó iar-bhunoideachais nó incháilitheacht do chatagóirí ar leith de scoileanna speisialta.

Ba chóir go mbeadh a dtréimhse phromhaidh curtha i gcrích ag iarrthóirí ó Scoileanna Speisialta.

Agus na múinteoirí i mbun an clár seo a chur i gcrích agus ar feadh tréimhse ama réasúnta i ndiaidh an clár a chur i gcrích, moltar go ndéanann bainistíocht na scoile gach iarracht lena chinntiú go leanann mic léinn le NSUanna ag baint tairbhe as eolas agus saineolas an mhúinteora sa réimse seo, trí fhoghlaim agus teagasc na mac léinn le NSUanna a shannadh don mhúinteoir.

D'fhonn a bheith rannpháirteach sa chlár, ní mór do mhúinteoirí a bheith in ann fáil ar ríomhaire agus a bheith in ann fáil ar an leathanbhanda freisin más féidir.

6. Iarratais agus Roghnú

Tá Foirm Iarratais in éineacht leis an gCiorclán seo le bheith comhlánaithe ag na múinteoirí a bhfuil spéis acu sa chlár agus atá incháilithe le páirt a ghlacadh ann.

De ghnáth, ní ghlacfar le hiarratais, ach ó mhúinteoir amháin do gach scoil a shásaíonn na riachtanais imlínithe sa Chiorclán **seo**.

Tábhachtach
Ba chóir do mhúinteoirí intofa atá ainmnithe ag a gcuid údarás scoile ar mhian leo a bheith tógtha san áireamh le bheith glactha ar an g**Clár Teastais Céime** a n-iarratas a chur isteach chuig **Stiúrthóir an Chúrsa, an Roinn Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9** le bheith faighte tráth nach déanaí ná an **1 Márta 2011. Teileafón: (01) 8842031. Facs: (01) 8842294.**
Seoladh Ríomhphoist: SpEd.Dept@spd.dcu.ie

Ní gá d'iarrthóirí ar an gclár seo freastal ar agallamh.

7. Táillí agus Costais do na Cláir seo

Ní bheidh aon táille ná costais chlárúcháin i gceist d'iarrthóirí atá incháilithe faoi théarmaí an Chiorcláin seo.

Beidh costais taistil agus liúntais chothaithe do na cláir seo íoctha do rannpháirtithe incháilithe de réir rátaí Rannóg Oideachais na Múinteoirí agus faoi réir socruithe ar leith / athbhreithnithe bhliantúil.

8. Saoire Phearsanta Bhreise

Ní cheadófar saoire phearsanta bhreise i leith rannpháirtíochta ar an gCúrsa seo.

9. Ionadú

Ceadófar ionadú nach mór a bheith faofa ag údarás bainistíochta na scoile/an Choiste Gairmoideachais. Ní mór a mheas go bhfuil gá leis an ionadú leis na tréimhsí neamhláithreachta ceadaithe a chlúdach, don mhúinteoir ó chúraimí teagaisc le freastal ar an gcúrsa. Ní mór don scoil an doiciméadú ón gcoláiste a leagann amach na mionsonraí neamhláithreachta, a choimeád.

10. Socruithe Tuarastail

Leanfaidh na múinteoirí a scaoiltear óna scoil faoi théarmaí an Chláir seo ag fáil a dtuarastail mar is gnách.

11. Liúntais

Tabhair faoi deara le do thoil, agus an cúrsa seo curtha i gcrích, ní bheidh teidlíocht do luach saothair breise mar thoradh air ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

12. Clár Máistreachta

D'fhéadfadh múinteoirí a éiríonn leo an Teastas Céime in Oideachas Mac Léinn le Neamhoird Speictrim Uathaigh (NSUanna) orthu iarratas a dhéanamh don Dioplóna i Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) agus ansin dul ar aghaidh chuig Máistreacht i Riachanais Speisialta Oideachais (MRSO) i gColáiste Phádraig. Tá tuilleadh eolais agus na bealaí féideartha ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choláiste Phádraig, www.spd.dcu.ie.

Alan Wall
Príomhoifigeach

Eanáir 2011

Tá cistiú á dhéanamh ar Oideachas Múinteoirí ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Teacher Education is funded by the Department of Education and Skills under the National Development Plan 2007-2013

Teastas Céime in Oideachas Mac Léinn le Neamhoird Speictrim Uathaigh (NSUanna) Orthu - 2011-2012

Foirm Iarratais

Comhlánaigh agus seol ar ais chuig: **Stiúrthóir an Chúrsa, An Roinn Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 faoi 1 Márta 2011.**

Teileafón: (01) 8842031; Facs: (01) 8842294.
Seoladh Ríomhphoist: SpEd.Dept@spd.dcu.ie

1. Sonraí Pearsanta

Ainm: _____ Scoil: _____

Seoladh Baile: _____ Seoladh Scoile: _____

_____ _____

_____ _____

_____ _____

Teil. Baile: _____ Uimh. Rolla na Scoile:_____

Fón Póca:_____ Teil. na Scoile: _____ Facs: _____

R-phost Pearsanta: _____ R-phost na scoile: _____

Uimh. Párolla an Mhúinteora: _____ Príomhoide: _____

Dáta na Bliana Promhaidh (i gcás inarb infheidhme é):_____

2. Sonraí Clárúcháin (de réir Theastas Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta nó de réir litreach deimhnithe chlárúcháin ón gComhairle Múinteoireachta)*

Uimhir Chláraithe an Mhúinteora _____Earnáil Oideachais _____

*Ní mór cóip de Theastas Clárúcháin an Mhúinteora nó litir dheimhnithe chlárúcháin mar atá curtha ar fáil ag an gComhairle Múinteoireachta, a bheith in éineacht leis an bhfoirm seo.

Tá cistiú á dhéanamh ar Oideachas Múinteoirí ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Teacher Education is funded by the Department of Education and Skills under the National Development Plan 2007-2013

3. **Post Reatha Teagaisc**

3 (a) Cuir tic (√) le do thoil ar cé acu a thugann an tuairisc is fearr maidir le do Stádas Fostaíochta reatha:

Conradh ar Thréimhse Éigríochta (CTE) ☐

Conradh ar Théarma Seasta ☐

Buan ☐

Eile, sonraigh le do thoil: _____

Má tá tú fostaithe go Páirtaimseartha, cé mhéad uair an chloig atá tú fostaithe? _____

3 (b) Cuir tic (√) le do thoil ar cé acu a thugann an tuairisc is fearr maidir leis an bpost teagaisc a bheidh agat in 2011/2012:

Bunscoil Phríomhshrutha

- Múinteoir ranga atá ag múineadh líon suntasach mac léinn le NSUanna ☐
- Múinteoir Acmhainne do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais, atá ag múineadh mic léinn le NSUanna faoi láthair ☐
- Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne atá ag múineadh mac léinn le NSUanna faoi láthair. ☐
- Múinteoir i rang speisialta do mhic léinn le NSUanna ☐
- Múinteoir i rang speisialta do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais, mic léinn le NSUanna ina measc. ☐

Iar-bhunscoil Phríomhshrutha

- Múinteoir ábhair, áit a bhfuil fáil ag líon suntasach mac léinn le NSUanna ar réimse an ábhair (sonraigh an t-ábhar) _____ ☐
- Múinteoir Acmhainne do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais, atá ag múineadh mac léinn le NSUanna faoi láthair. ☐
- Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne, atá ag múineadh mac léinn le NSUanna faoi láthair. ☐
- Múinteoir i rang speisialta do mhic léinn le NSUanna. ☐
- Múinteoir i rang speisialta do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais, lena n-áirítear mic léinn le NSUanna. ☐

Scoil Speisialta

- Múinteoir ranga atá ag múineadh mac léinn le riachtanais speiaialta oideachais, mic léinn le NSUanna ina measc ☐
- Múinteoir ranga ag múineadh mac léinn le NSUanna ☐

- Múinteoir ábhair, áit a bhfuil fáil ag mic léinn le NSUanna ar réimse an ábhair. ☐
(sonraigh an t-ábhar) _____

- Príomhoide Scoile Speisialta áit a bhfuil ról teagaisc ag an bPríomhoide agus a bhfuil mic léinn le NSUanna aige/aici ina rang ☐

- Eile (Sonraigh le do thoil) _____ ☐

Sonraigh líon na mac léinn le NSUanna atá á múineadh agat sa scoil nó a bheidh á múineadh agat ar feadh thréimhse an Chláir: _____

Sonraigh líon na mac léinn le riachtanais speisialta oideachais (seachas NSUanna) atá á múineadh agat sa scoil faoi láthair nó a bheidh á múineadh agat ar feadh thréimhse an Chláir: _____

3 (c) Sonraigh le do thoil:

- Líon iomlán na mblianta atá tú ag teagasc _____
- Líon na mblianta atá tú ag teagasc sa scoil ina bhfuil tú faoi láthair _____
- Líon na mblianta atá tú ag teagasc mac léinn le NSUanna _____
- Cathain a ceapadh tú le haghaidh do phoist reatha _____
- Dáta a bunaíodh an post seo _____

3 (d) Tabhair tuairisc ghairid de na mic léinn le do thoil, agus sonraigh na catagóirí riachtanais speisialta oideachais lena bhfuil tú ag obair faoi láthair:

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

3 (e) Do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile Príomhshrutha amháin:

- Luaigh líon na n-uaireanta tacaíochta foghlama/acmhainne a leithdháiltear ort ar an iomlán _____
- Luaigh líon na n-uaireanta a chaitear ag tacú le mic léinn le NSUanna _____
- Luaigh an t-ábhar (na hábhair) atá á m(h)úineadh agat freisin_____

  _____

Tá cistiú á dhéanamh ar Oideachas Múinteoirí ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Teacher Education is funded by the Department of Education and Skills under the National Development Plan 2007-2013

3 (f) Cé mhéad uair an chloig in aghaidh na seachtaine don scoilbhliain 2011/2012, a bheidh ar an gclár ama do na réimsí oibre seo a leanas:

Rang Speisialta: _____ Obair Cúlúcháin: _____

Teagasc Foirne: _____

Comhairliúchán le Comhghleacaithe/Tuismitheoir(í)/Daoine Eile (sonraigh le do thoil): _____

Eile (sonraigh le do thoil): _____

Deimhnigh le do Phríomhoide, le do thoil, go bhfuil tú, nó go mbeidh tú ag obair le mic léinn le NSUanna, ar feadh thréimhse an Chláir.

Tá sé deimhnithe le mo Phríomhoide gur mar seo a bheidh sé: **Tá:** ☐ **Níl:** ☐

4. <u>Scoil Phríomhshrutha Amháin: Raon Seirbhísí Tacaíochta</u>

4 (a) Seachas do phost féin, sonraigh raon na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil i do scoil faoi láthair le do thoil (luaigh an líon)

Múinteoirí Tacaíochta Foghlama:	
Múinteoirí Acmhainne do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais	
Múinteoirí Tacaíochta Foghlama/Acmhainne	
Múinteoirí Ranga Speisialta	
Eile (sonraigh le do thoil)_____	

4 (b) Ar fhreastail tú ag chúrsa cheana (cúrsa gearrthéarmach/larchéime) a bhaineann le hoideachas speisialta?

D'fhreastail ☐ Níor fhreastail ☐

Topaic	Dáta	Tréimhse ama	Ionad
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____

5. Taithí Teagaisc Roimhe seo

5 (a) Líon na mblianta ag teagasc i ranganna príomhshrutha: _____

Ainm agus Seoladh na Scoile(anna): Dátaí:

_____ _____

_____ _____

_____ _____

_____ _____

5 (b) Sular thosaigh tú i do phost teagaisc reatha, sonraigh líon na mblianta i scoileanna speisialta/ranganna speisialta/teagasc acmhainne/tacaíochta foghlama, le do thoil: _____

Ainm agus Seoladh na Scoile(anna): Dátaí:
(Sonraigh an ról teagaisc le do thoil):

_____ _____

_____ _____

_____ _____

_____ _____

5 (c) Aon taithí eile cuí i suíomhanna oideachais:

_____

_____

_____

_____

_____

6. Cáilíochtaí gairmiúla nó cáilíochtaí eile

Coláiste, Ollscoil nó Foras Cáiliúcháin eile	Dátaí freastail agus cibé acu lánaimseartha nó páirtaimseartha	Céim nó Cáilíochtaí eile a fuarthas nó atá le bheith faighte	Grád/ Aicme (más ann)	Ábha(i)r	Dáta na Dámhachtana

7. <u>Forbairt Ghairmiúil Roimhe seo</u>

(e.g. STSO, IOLS na hEorpa, Inseirbhís). Féach ar liosta na gcúrsaí freisin le do thoil, mar atá in Aguisín A, ar freastalaíodh orthu roimhe seo.

Ainm & Dátaí an Chúrsa Forbartha Gairmiúla	Tréimhse ama	Grád/ Aicme (Más ann)	Ábha(i)r	An Bhliain a Críochnaíodh an Cúrsa Forbartha Gairmiúla	An Foras Creidiúnúcháin

8. <u>Eolas Breise</u>

8 (a) An ndearna tú iarratas cheana don Teastas Céime in Oideachas Mac Léinn le NSU? Rinne ☐ Ní dhearna ☐
Má rinne tú iarratas, cén bhliain a ndearna tú iarratas?
_____

8 (b) Luaigh an chúis / na cúiseanna atá agat le háit a lorg ar an gclár forbartha gairmiúla leanúnaí seo le do thoil

_____
_____
_____
_____
_____

8 (c) Luaigh aon eolas eile a mheastar a chuideodh agus measúnú á dhéanamh ar d'iarratas don Chlár seo

_____
_____
_____
_____

8 (d) Luaigh do scileanna TFC le do thoil:

Tosaitheoir ☐ Cumasach ☐ An-chumasach ☐

Aon eolas eile a bhainfeadh le do scileanna TFC:

_____

_____

_____

_____

_____

_____

9. <u>Ainm, seoladh agus uimhreacha rolla na scoileanna uile ina raibh/bhfuil tú ag teagasc, i gcás inarb infheidhme é</u>

Ainm na Scoile	**Seoladh na Scoile**	**Uimhir Rolla na Scoile**

Le bheith Comhlánaithe ag an Iarrthóir

10. Léigh mé Ciorclán 0002/2011 agus toilím na coinníollacha riachtanacha den rannpháirtíocht sa chlár a bhfuilim ag déanamh iarratais air a chomhlíonadh. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis uile ar an bhfoirm seo i gceart agus má éiríonn liom a bheith ceaptha ar an gclár, glacaim mar chúram orm féin cloí le rialacha agus rialacháin uile Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, agus na coinníollacha riachtanacha den chlár a chomhlíonadh.

SÍNITHE: _____ **DÁTA:** _____

Tá cistiú á dhéanamh ar Oideachas Múinteoirí ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Teacher Education is funded by the Department of Education and Skills under the National Development Plan 2007-2013

7. Le Bheith Comhlánaithe ag Údaráis na Scoile

Ainmním _____ chun freastal ar an gclár iarchéime seo agus deimhním gur múinteoir cláraithe é an t-iarrthóir don chúrsa seo de réir alt 31 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001.

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis san fhoirm iarratais seo i gceart, agus má fhaigheann an múinteoir atá ainmnithe thuas áit ar an Teastas Céime seo in Oideachas Mac Léinn le Neamhoird Speitrim Uathaigh (NSUanna) orthu 2011/2012, go mbeidh an Bord Bainistíochta comhaontaithe chun é/í a scaoileadh le freastal ar an gclár agus comhlíonfar riachtanais an chúrsa mar atá leagtha amach i gCiorclán **0002/2011**.

SÍNITHE: _____ **DÁTA**: _____
(Príomhoide)

COMHSHÍNITHE: _____ **DATE**: _____
(Stiúrthóir/Bainisteoir/Príomhfheidhmeannach/Cathaoirleach, Bord Bainistíochta)

Cuir ar ais an fhoirm chomhlánaithe in éineacht le cóip de do Theastas Clárúcháin nó litir deimhnithe chlárúcháin ón gComhairle Múinteoireachta chuig Stiúrthóir an Chúrsa, An Roinn Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Ciath 9. An dáta deiridh do na hiarratais ná 5 pm. ar 1 Márta 2011

Go raibh maith agat as ucht do chomhoibrithe agus an fhoirm iarratais seo á comhlánú.

Cosaint Sonraí

Pléifidh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na sonraí pearsanta uile ar an bhfoirm seo mar shonraí faoi rún agus bainfear úsáid astu chun na críche a bheidh beartaithe amháin. Ní dhéanfar an fhaisnéis a nochtadh ach amháin de réir mar atá ceadaithe ó thaobh dlí de nó chun na críche mar atá liostaithe ar chlárú na Roinne leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí (CCS) - Tag 10764/A

Pléifidh Coláiste Phádraig leis na sonraí pearsanta uile a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo mar shonraí faoi rún agus bainfear úsáid astu chun na críche a bheidh beartaithe amháin. Ní dhéanfar an fhaisnéis a nochtadh ach amháin de réir mar atá ceadaithe ó thaobh dlí de nó chun na críche mar atá liostaithe ar chlárú Choláiste Phádraig leis an CCS.

Má tá an fhaisnéis a chuir tú ar fáil le húsáid chun críche seachas iad siúd atá leagtha amach ar chlárú na Roinne nó an Choláiste (is infheidhme) leis an CCS lorgófar do chead.